

**Seachtain**

**na Gaeilge**

**le enÉrgia**



**Comhairle Contae  
Dhún na nGall**  
Donegal County Council

***Clár Imeachtaí Sheachtain na Gaeilge  
do Chontae Dhún na nGall***

**1-17 Márta 2020**



# Clíona Ní Ghallchóir

## Ambasadóir Sheachtain na Gaeilge i nDún na nGall 2020



Rugadh agus tógadh mé i gceantar Mhín A' Chladaigh i nGaeltacht Gheal Ghaoth Dobhair. Tá mé mar mhac léinn in Ollscoil na hÉireann Gaillimh, áit a bhfuil an Ghaeilge agus an t-Aistriúchán ar bun agam. Is cúis bhróid domh a bheith roghnaithe mar ambasadóir do Sheachtain na Gaeilge anseo sa chontae.

Fáisceadh as dúchas na Gaeltachta mé agus tá sí i ndiaidh an oiread deiseanna a chruthú domh sa bhaile, san Ollscoil agus

ar fud na tíre. Cha dtiocfadh liom mo shaol a shamhlú gan an Ghaeilge! Is teanga álainn, ársa agus éagsúil í a léiríonn cultúr agus féiniúlacht na hÉireann.

Mar dhuine óg ón Gaeltacht, tuigim go bhfuil ceist faoi stádas na teanga i measc an aosa óig ach déanann Seachtain na Gaeilge idir óg agus fásta a spreagadh i leith na teanga. Is imeacht thar a bheith speisialta í. Tugtar aitheantas do theanga uasal na nGael agus déantar freastal ar phobal iomlán na Gaeilge trí réimse leathan imeachtaí a chur ar fáil ar fud fad na tíre, bliain i ndiaidh bliana.

Tá an t-ádh orainn go bhfuil a leithéid d'imeacht againn agus go ndéantar í a cheiliúradh ní hamháin in Éirinn ach ar fud an domhain. Molaim daoibh síil a chaitheamh ar na himeachtaí a bheas ar síúl i bhur gceantar féin agus a bheith páirteach iontu.

Guím achan rath ar Chonradh na Gaeilge agus ar Chomhairle Contae Dhún na nGall le Seachtain na Gaeilge 2020.

Clíona Ní Ghallachóir  
*Ambasadóir Sheachtain na Gaeilge 2020*

# Clíona Ní Ghallchóir

## *Ambassador Sheachtain na Gaeilge i nDún na nGall 2020*



I was born and reared in Míin a' Chladaigh, in the stunning Gaeltacht area of Gaoth Dobhair. I am currently undertaking Irish language and Translation Studies in the National University of Ireland Galway. It is a great honour for me to be selected as the Donegal Ambassador for Seachtain na Gaeilge.

As a native Irish speaker from the Gaeltacht, I have been bestowed with so many opportunities both at home, in University and indeed through the country. I could not imagine my life in the absence of the Irish language! It is a beautiful, ancient and diverse language that reflects Ireland's culture and identity.

As a young person from the Gaeltacht, I recognise that there is question about the status of the language among the young people but Seachtain na Gaeilge encourages both young people and adults to embrace the language. Seachtain na Gaeilge is a very special event. Our native Irish language is given due recognition and numerous events are scheduled on

a countrywide basis each year to cater for the Irish language community.

We are fortunate to have such an event and to celebrate it, not only in Ireland but also, worldwide. I encourage you all to peruse the events taking place near you and to go along and take part and support them.

I wish Conradh na Gaeilge and Donegal County Council every success with Seachtain na Gaeilge 2020.

Clíona Ní Ghallachóir  
*Ambassador Sheachtain na Gaeilge 2020*

## CAD É AN RUD É SEACHTAIN NA GAEILGE?

Bíonn an fhéile Ghaeilge seo ar siúl ón  
1 – 17 Márta gach bliain.

Is féile idirnáisiúnta Ghaeilge í **Seachtain na Gaeilge le Energia**, atá ar an cheiliúradh is mó dár dteanga agus dár gcultúr dúchais a bhíonn ar siúl in Éirinn agus fud fad an domhain gach bliain.

Tugann an fhéile deis do gach éinne sult a bhaint as an Ghaeilge, idir chainteoirí dúchais, fhoghlaimoirí agus lucht an chúpla focal araon, trí fhéilire imeachtaí siamsúla agus spráíúla a chur ar fáil do gach cineál suime agus gach aoisghrúpa.

Is grúpaí deonacha agus pobail, comhairlí áitiúla, scoileanna, leabharlanna, agus eagrais cheoil, spóirt, ealaíon agus chultúrtha a eagraíonn imeachtaí ina gceantar féin le linn Sheachtain na Gaeilge.

Is le gach duine an Ghaeilge, is le gach pobal Seachtain na Gaeilge le Energia – **Bain Triail Aisti – Surprise Yourself!**

Tá Seachtain na Gaeilge ar bun ó bhí 1902 ann agus an branda sin aitheanta go forleathan i measc mhórphobal na hÉireann. Agus an fhéile ag dul ó neart go neart le blianta beaga anuas, d'fhás tréimhse na féile ó sheachtain amháin go tréimhse coicíse ach níor athraigh an t-ainm toisc go n-aithnítear í go forleathan.

## CÉN DÓIGH AR FÉIDIR LIOMSA PÁIRT A GHLACADH?

### Is féidir leatsa páirt a ghlacadh san fhéile in go leor bealaí:

- Imeacht a réachtáil do Sheachtain na Gaeilge – féach ar an rannóg Eagraithe Imeachtaí ar an suíomh idirlín [www.snag.ie](http://www.snag.ie) fá choinne moltaí agus comhairle
- Freastal ar imeacht Sheachtain na Gaeilge – féach ar na himeachtaí sa leabhrán seo do Chontae Dhún na nGall, agus féach ar an leathanach Imeachtaí ar [www.snag.ie](http://www.snag.ie) do liosta na n-imeachtaí ar fad a bheidh ar siúl go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.
- **Bain níos mó úsáide as do chuid Gaeilge le linn na féile:** sa bhaile, le do chairde, ar an ghuthán, i do ríomhphoist agus poist ar na meáin shóisialta – féach ar an rannóg Acmhainní Teanga ar [www.snag.ie](http://www.snag.ie) do liostaí abairtí agus acmhainní eile chun cuidiú leat
- Féach ar roinnt cláracha teilifíse, éist leis na cláracha raidió agus léigh na nuachtáin a ina mbeidh scéalta faoin fhéile agus faoin Ghaeilge féin le linn na féile – féach ar an rannóg Nuacht & Meáin ar [www.snag.ie](http://www.snag.ie) fá choinne eolais maidir le clúdach na féile sna meáin
- Ceannaigh clár oifigiúil na féile Sult a eisítear leis an Irish Daily Mail gach bliain, an t-aon áit a mbeidh liosta iomlán na n-imeachtaí curtha i gcló agus chomh maith leis sin, beidh ailt, agallaimh, míreanna spóirt, ceoil agus teicneolaíochta. Is iris dátheangach í seo atá iontach d'fhoghlaimoirí agus dóibh siúd a bhfuil suim acu i bhforbairtí úra maidir leis an nGaeilge.



## WHAT IS SEACHTAIN NA GAEILGE?

---

The Irish Language promotional festival runs from 1 – 17 March every year.

**Seachtain na Gaeilge le Energia** is an international Irish language festival and one of the biggest celebrations of our native language and culture that takes place each year in Ireland and in many other countries.

The festival gives an opportunity to everyone to enjoy Irish, whether you are a fluent speaker, learner or have a cúpla focal, with a calendar of entertaining and fun events for every type of interest and every age group.

Voluntary and community groups, local authorities, schools, libraries, and music, sports, arts and culture organisations organise events during Seachtain na Gaeilge le Energia in their local area.

Irish is for everyone, Seachtain na Gaeilge le Energia is for everyone – ***Bain Triail Aisti – Surprise Yourself!***

Seachtain na Gaeilge has been running since 1902 and so the brand name is widely recognised and understood across Ireland. With the festival growing from strength to strength in recent years, its duration has grown from a week to up to 2 weeks but without changing the name because of how recognised it is.

## HOW CAN I TAKE PART?

**There are loads of ways in which you can take part in the festival:**

- Organise an event for Seachtain na Gaeilge – look at the Event Organisers section on the website [www.snag.ie](http://www.snag.ie) for some direction and advice
- Attend an event for Seachtain na Gaeilge – look through the Donegal Events in this booklet, or on the Events section on [www.snag.ie](http://www.snag.ie) for a full list of events that will be running nationally and internationally.
- Use more Irish from day to day, at home, with your friends, on the phone, in your e-mails and social media posts – look at the Language Resources section on [www.snag.ie](http://www.snag.ie) for lists of phrases and other resources to help you out
- Watch some of the tv programs, listen to the radio shows and read the newspapers that will be covering the festival and the Irish language in general – look at the News & Media section on [www.snag.ie](http://www.snag.ie) for more information about festival coverage in the media
- Buy the official festival guide Sult with the Irish Daily Mail every year, the only place where all festival events will be printed and there will also be tons of articles, interviews, and sports, music & technology features. It's bilingual so it's a great resource for learners and for anyone interested in the latest developments in the Irish language.

# Dé hAoine 28 Feabhra



## Seoladh Oifigiúil Chúige Uladh de Sheachtain na Gaeilge

### **Meitheal Phleanála Teanga an Iarthuaiscirt i gcomhpháirt le Conradh na Gaeilge agus Comhairle Contae Dhún na nGall agus ceoltóirí áitiúla**

Déanfaidh Meitheal Phleanála Teanga an Iarthuaiscirt, i gcomhpháirt le Conradh na Gaeilge agus Comhairle Contae Dhún na nGall Seachtain na Gaeilge Chúige Uladh 2020 a sheoladh go hoifigiúil sa Chrannóg i nDoirí Beaga ar 7pm. Is í Clíodhna Ní Ghallchóir, amhránaí agus mac léinn óg ón Ghaeltacht a bheas mar Ambasadóir ar Sheachtain na Gaeilge i gContae Dhún na nGall don bhliain 2020 agus déanfaidh sí an Seoladh Oifigiúil i mbliana.

<b>Áit:</b>	An Chrannóg, Doirí Beaga
<b>Am:</b>	7pm
<b>Fá choinne:</b>	Oscailte don phobal
<b>Táille:</b>	Saor in aisce
<b>Teagmháil:</b>	Róise Ní Laifeartaigh, Rannóg Gaeilge Chomhairle Contae Dhún na nGall,
<b>Guthán:</b>	074 91 94275 <a href="mailto:rmcclafferty@donegalcoco.ie">rmcclafferty@donegalcoco.ie</a> / Dónall Ó Cnáimhsí, Meitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt, 074 956 0620 <a href="mailto:mpt.iarthuaiscirt@gmail.com">mpt.iarthuaiscirt@gmail.com</a>

# Dé Domhnaigh 1 Márta



## Club Leabhar an Iarthuaiscirt – Fatwa le Proinsias Mac an Bhaird

Beidh Club Leabhar an Iarthuaiscirt ag léamh Fatwa le Proinsias Mac an Bhaird le linn Sheachtain na Gaeilge, agus beidh siad ag teacht le chéile in Iarsmalann an Chontae ar 7.30pm ar an 25 Márta chun plé agus díospóireacht a dhéanamh ar an leabhar. Fáilte roimh bhail úra. Tá an club seo ag fóirstean do dhaoine fásta atá líofa sa Ghaeilge nó a bhfuil Gaeilge measartha láidir acu.

**Teagmháil:** fá choinne tuilleadh eolais déan teagmháil le sdaimhin@ccdunnangall.ie / sdaimhin@donegalcoco.ie nó go díreach ceannaigh an leabhar agus buail isteach chuig an chruinniú ar an 25 Márta.



# Dé Luain 2 Márta



## Ciorcal Comhrá i gCaifé Chillout i Leitir Ceanainn

Bíonn Ciorcal Comhrá ar siúl i gCaifé Chillout i Leitir Ceanainn gach maidin Dé Luain. Fáilte roimh gach cumas Gaeilge, ón fhoghlaimeoir go dtí an cainteoir líofa.

**Áit:** Caifé Chillout,  
Leitir Ceanainn

**Am:** 10.30am go dtí  
12pm, 2 Márta

**Fá Choinne:** Do dhaoine fásta, idir fhoghlaimeoirí agus cainteoirí líofa Gaeilge.

**Teagmháil:** Cara House, Leitir Ceanainn 074 912 39 86



**CARA**  
—HOUSE—  
FAMILY RESOURCE CENTRE

## Tráth na gCeist Boird i Srath an Urláir Le Ciorcal Comhrá Bhealach Féich

**Áit:** Seomra Tae an Hatter, Srath an Urláir

**Am:** 7pm, 2 Márta

**Fá Choinne:** An pobal

**Táille:** €1 an duine

**Teagmháil:** Shauna Scanlon  
shaunascanlon@hotmail.com



## Bricfeasta Gaelach i nDobhar

Greim bidh le deis craic agus comhrá a dhéanamh. Buail isteach agus bain sult as an bhia agus as an chomhlúadar!

- Áit:** Ionad Naomh Pádraig, Dobhar  
**Am:** 10am – 12pm, 2 Márta  
**Fá Choinne:** don phobal uilig  
**Teagmháil:** 074 95 32949 / 086 825 9752



## Oíche Airneáil le Bothán na mBan in Ionad Naomh Pádraig, Dobhar

Cluichí, craic agus cuideachta!

- Áit:** Ionad Naomh Pádraig, Dobhar  
**Am:** 7.30pm – 9pm, 2 Márta  
**Fá Choinne:** Mná an cheantair  
**Teagmháil:** 074 95 32949 / 086 825 9752

**Ionad**  
Naomh Pádraig

AG ÉISTEACHT LEIS AN PHOBAL AGUS AG GNÓTHAÍ AIR & SHON

## Ceardlann Drámaíochta le hEoghan Mac Giolla Bhríde

- Áit:** Scoil Cholm Cille ar an Tearmann  
**Am:** 2 Márta  
**Fá Choinne:** Páistí scoile  
**Táille:** Saor in aisce  
**Teagmháil:** á reáchtáil i gcomhpháirt le LPT Thuaisceart Dhún na nGall



## Ceardlann Amhránaíochta le Bridín Carr

- Áit:** Leabharlann Leifir  
**Am:** 10am, 2 Márta  
**Fá Choinne:** Páistí scoile (30) 6-9 bliain d'aois  
**Táille:** Saor in aisce  
**Teagmháil:** 0749172726



## Ceardlann Amhránaíochta le Bridín Carr

**Áit:** An Lárleabharlann, Leitir Ceanainn

**Am:** 12.00, 2 Márta

**Fá Choinne:** Páistí scoile 6-9 bliain d'aois

**Táille:** Saor in aisce

**Teagmháil:** 074 9124950





# Dé Máirt 3 Márta



## Tae agus Plé ar Árainn Mhór

Tiocfaidh daltaí scoile i nGairmscoil Mhic Diarmada le chéile ag am lóin le Gaeilge a labhairt le chéile agus cupán tae a bheith acu.

- Áit:** Gairmscoil Mhic Diarmada, Árainn Mhór  
**Am:** 12.50pm go dtí 1.15m, 3 Márta  
**Fá Choinne:** Daltaí i mbliain 1-3  
**Táille:** Saor in aisce  
**Teagmháil:** Máire Nic Cathmhaoil 074 9520747



## Ceardlann Boomwhacker le Maria Coleman

- Áit:** Leabharlann Bhaile na nGallógach (Milford)  
**Am:** 10am agus 12.00, 3 Márta  
**Fá Choinne:** Páistí scoile 9-12  
**Táille:** Saor in aisce  
**Teagmháil:** 0749153927

## Caife, caint agus craic - Ciorcal Comhrá ar an Chlochán Liath

- Áit:** Leabharlann Phobail na Rosann  
**Am:** 6.30pm -8.00pm, 3 Márta  
**Fá choinne:** Daoine Fásta  
**Táille:** Saor in aisce  
**Teagmhail:** 0749522500



## Scéal ó Bhéal i Scoil Chartha Naofa i gCill Chartha

Ócáid speisialta scéalaíochta é seo atá dírithe ar dhaltaí na scoile. Tiocfaidh Anne Marie agus Donnchadh Ó Laighin chun na scoile le scéalta áitiúla a insint do na páistí.

*A special Irish language storytelling event with local storytellers, Anna Marie and Donnchadh Ó Laighin.*

*An opportunity for pupils of Scoil Chartha Naofa to hear some wonderful stories from the local area.*

**Áit:** Scoil Chartha Naofa, Cill Chartha

**Am:** 11.30am, 3 Márta

**Fá Choinne:** daltaí na scoile

**Táille:** Saor in aisce



# Dé Céadaoin 4 Márta



## Ceol agus Comhrá in Ard a' Ratha

Comhrá Gaeilge agus Seisiún Ceoil neamhfhoirmeálta. Ócáid neamhfhoirmeálta í seo chun ceiliúradh a dhéanamh ar Sheachtain na Gaeilge, agus beidh fearadh na fáilte roimh chainteoirí líofa agus roimh fhoghlaimoírí teacht agus a gcuid Gaeilge a labhairt agus a chleachtadh.

*Irish language conversation and informal traditional session. This is an informal event to celebrate Seachtain na Gaeilge, inviting fluent and non-fluent speakers to come and use their Irish.*

Fáilte roimh achan duine. No pressure to be perfect!

**Áit:** Ionad Oidhreachta Ard a' Rátha /

Ardara Heritage Centre

**Am:** Am le deimhniú, 4 Márta

**Fá Choinne:** an pobal ar fad

**Táille:** Saor in aisce

**Teagmháil:** 074 9522500



## Ciorcal Comhrá in Áislann Chill Chartha

**Áit:** Áislann Chill Chartha  
**Am:** 11.30am – 12.30pm  
gach Céadaoin ,  
4 Márta  
**Fá Choinne:** An pobal  
**Táille:** saor in aisce  
**Teagmháil:** eolas@aislann.ie



**ÁISLANN**  
CILL CHARTHA  
KILCAR

## Cuisle Seanchais – Abair Leat in Ionad Naomh Pádraig, Dobhar

Oíche airneáil, craic agus comhrá le Charlie Cullen

**Áit:** Ionad Naomh  
Pádraig, Dobhar  
**Am:** 7.30pm, 4 Márta  
**Fá Choinne:** don phobal uilig  
**Teagmháil:** 074 95 32949 /  
086 825 9752

**Ionad**  
Naomh Pádraig

AG ÉIREADHT LEIS AN PHOBAL AGUS AG DRÓPHÁIR AN A SHOIN

## Fógairt na Scoláireachtaí Gaeltachta ar Highland Radio

Fógróidh an Chomhairle Contae buaiteoirí na Scoláireachtaí Gaeltachta don bhliain 2020 ar an chlár Ruaille Buaille le Colm Ferriter ar Highland Radio idir 8pm agus 9pm. Bronnann an Chomhairle Contae suas le 34 lán scoláireacht Ghaeltachta gach bliain do dhaltáí idir 10 – 18 mbliana d’aois atá ag freastal ar scoileanna sa chontae. Roghnófar na buaiteoirí i dTarraingt Oscailte.

Seachtain na Gaeilge

**Áit:** Highland Radio  
**Am:** 8pm, 4 Márta  
**Fá Choinne:** scoláireachtaí do dhaoine óga,  
clár do gach duine.  
**Táille:** Saor in aisce  
**Teagmháil:** Rannóg na Gaeilge, Comhairle Contae  
Dhún na nGall 074 91 94275



# Highland Radio

Ireland's No.1 Local Station

## Ceardlann Boomwhacker- le Maria Coleman ar an Chlochán Liath

**Áit:** Leabharlann Phobail na Rosann  
**Am:** 10am, 4 Márta  
**Fá Choinne:** páistí scoile 9-12  
**Táille:** Saor in aisce  
**Teagmháil:** 074 9522500

## Ceardlann Boomwhacker –le Maria Coleman i nGaoth Dobhair

**Áit:** Leabharlann Phobail Ghaoth Dobhair  
**Am:** 12.00, 4 Márta  
**Fá Choinne:** páistí scoile 9-12  
**Táille:** Saor in aisce  
**Teagmháil:** 0749560862

# Tráth na gCeist Scoile

## Scoil an tSratha Mhóir, Scoil Cholm Cille agus Scoil Náisiúnta an Ghlasáin ar an Tearmann

- Áit:** An Tearmann  
**Am:** 4 Márta  
**Fá Choinne:** Daltaí scoile  
**Táille:** Saor in aisce  
**Teagmháil:** á reáchtáil i gcomhpháirt le LPT Thuaisceart  
Dhún na nGall oisinmaceo@hotmail.com  
nó 0830777053



# Déardaoin 5 Márta



## Tráth na gCeist Boird i Leitir Ceanainn

**Le Coiste Peil na mBan, Gaeil Leitir Ceanainn, urraithe ag Líonra Leitir Ceanainn**

- Áit:** Arena 7, Leitir Ceanainn  
**Am:** 9pm, 5 Márta  
**Fá Choinne:** Gach duine sa phobal, foghlaimoirí agus cainteoirí líofa.  
**Táille:** Ceathrar ag gach tábla, €20 an tábla.  
**Teagmháil:** lionralc@gmail.com





# Siúlóid do Chlubanna Óige Thír Chonaill

## Mar chuid de Dheireadh Seachtaine Gaeilge Rann na Feirste

Craic agus cuideachta le Clubanna  
Óige Thír Chonaill.

- Áit:** Áislann Rann  
na Feirste
- Am:** 5pm, 5 Márta
- Fá Choinne:** An t-aos óg
- Táille:** Saor in aisce
- Teagmháil:** Gach eolas ó  
cluboigerannafeirste123@gmail.com

## Taispeántas Ealaíon na bPáistí agus Sólaistí

## Mar chuid de Dheireadh Seachtaine Gaeilge Rann na Feirste

- Áit:** Áislann Rann na Feirste
- Am:** 5pm, 5 Márta
- Fá Choinne:** An pobal
- Táille:** Saor in aisce
- Teagmháil:** Gach eolas ó  
cluboigerannafeirste123@gmail.com



# Damhsa ar an Sean Nós do Pháistí i mBaile Dhún na nGall

## Le Frank agus Eileen Sweeney

**Áit:** Leabharlann Bhaile Dhún na nGall

**Am:** 10.30am agus 11.30am, 5 Márta

**Fá Choinne:** Páistí scoile 7+ (30-35)

**Táille:** Saor in aisce

**Teagmháil:** 074 9124950



# Dé hAoine 6 Márta



## Maidin Chaife i Ros Goill

**Áit:** Áras Ros Goill,  
Na Dúnaibh

**Am:** 10am, 6 Márta

**Fá Choinne:** an pobal ar fad

**Teagmháil:** á reáchtáil i  
gcomhpháirt le LPT Thuaisceart Dhún na nGall  
oisinmaceo@hotmail.com nó 0830777053

*Céad míle fáilte!*

**Maidin Chaife**



## Seisiún Gramadaí uair sa mhí

Is cúrsa tacaíochta é seo do dhaoine a bhfuil Gaeilge acu, ach ar mhaith leo cur lena scileanna scríbhneoireachta agus lena scileanna gramadaí. Is gá do gach duine a bheith cláraithe ar an chúrsa Gramadach gan Stró (Eagrán 4) ar shuíomh idirlín [www.ranganna.com](http://www.ranganna.com) agus cóip den leabhar gramadaí

a bheith acu. Cé go bhfuil costas ráithiúil ar an chúrsa ar líne (le Gaelchultúr) beidh na seisiúin ghramadaí seo saor in aisce d'oibríthe sa tseirbhís phoiblí agus do bhaill den phobal atá réasúnta líofa sa Ghaeilge. Beidh seisiúin ar siúl Dé hAoine 6 Márta, 3 Aibreán, 1 Bealtaine agus 5 Meitheamh ag na hamanna thíos.

- Áit:** Oifigí na Comhairle Contae, Ionad Seirbhísí Poiblí, Bóthar Niall T Bléine, Leitir Ceanainn
- Am:** 1.30pm go dtí 4.30pm, 6 Márta
- Fá Choinne:** Oscailte don phobal ach is gá clárú roimh ré. [www.ranganna.com](http://www.ranganna.com).
- Teagmháil:** Seán Ó Daimhín, Oifigeach Seirbhísí Gaeilge, Comhairle Contae Dhún na nGall. [sdaimhin@donegalcoco.ie](mailto:sdaimhin@donegalcoco.ie) 074 91 72496



# Oscailt Oifigiúil Fhéile Gaeilge Rann na Feirste



**Le Clíona Ní Ghallchóir,  
Ambasadóir Sheachtain  
na Gaeilge i nDún na nGall 2020**

1. Beannú na Féile: An tAthair Ó Gallchóir
2. Bronnadh na gComórtas Ealaíne
3. Bronnadh na gComórtas Scríbhneoireachta
4. Bronnadh Pearsa Rann na Feirste 2020
5. Drámaíocht agus Ceol le Bunadh Rann na Feirste

**Áit:** Áislann Rann na Feirste  
**Am:** 8pm, 6 Márta  
**Fá Choinne:** An pobal uilig agus cuairteoirí  
**Táille:** Saor in aisce  
**Teagmháil:** Gach eolas ó  
cluboigerannnafeirste123@gmail.com

## Ceolchoirm Sheachtain na Gaeilge ar an Chlochán Liath

Ceolchoirm le Comhaltas  
Ceoltoirí Mhín an Croise, Scoil  
Roisin, Scoil Cróine agus na  
hAcráí . Neart ceoil, damhsa  
agus amhránaíochta eagraithe  
ag: CCE Mhín na Croise,  
Ionad Teampall Cróine agus  
Leabharlann Phobail na Rosann



**Áit:** Ionad Teampall Chróine  
**Am:** 7.30pm, 6 Márta  
**Fa choinne:** Achan Duine  
**Táille:** Saor in Aisce  
**Teagmháil:** 0749522500

Beidh suipéar ar fáil.

## Craic agus Comhrá i dTeach Pháidí Óig

Teacht le chéile agus oíche shóisialta fá choinne foghlaimeoirí Gaeilge thart fá Ghaoth Dobhair agus na Rosa.

**Áit:** Teach Pháidí Óig,  
Croithlí  
**Am:** 6 Márta  
**Táille:** saor in aisce  
**Fá Choinne:** D'fhoghlaimeoirí  
Gaeilge agus  
don phobal  
**Teagmháil:** Dónall Ó Cnámhsí  
087 2491101  
Eagraithe ag Meitheal Phleanála Teanga  
an Iarthuaiscirt.



## Tráth na gCeist sa Sibín Ceoil i Ros Goill

**Áit:** An Sibín Ceoil, Cuain tSalach  
**Am:** 9pm  
**Fá Choinne:** daoine fásta  
**Teagmháil:** á reáchtáil i gcomhpháirt le LPT Thuaisceart  
Dhún na nGall oisinmaceo@hotmail.com  
nó 0830777053

## Lá Idirnáisiúnta na mBan i Halla Cathrach Doire

- Áit:** Halla na Cathrach, Doire
- Am:** 10am go dtí 12.30pm, 6 Márta
- Táille:** Saor in aisce
- Teagmháil:** gaeilge@derrystrabane.com



## Picnic na dTeidithe in Ionad Naomh Pádraig, Dobhar

Beidh an ócáid speisialta 'Picnic na dTeidithe' ar siúl don ghrúpa Tuismitheoirí agus Tachráin. Fáilte roimh bhailt úra, bíodh do theidí leat!

- Áit:** Ionad Naomh Pádraig, Dobhar
- Am:** 11am – 1pm, 6 Márta
- Fá Choinne:** Tuismitheoirí agus Tachráin
- Táille:** Saor in aisce
- Teagmháil:** 074 95 32949 / 086 825 9752



## Damhsa ar an Sean-Nós i mBéal Átha Seanaidh

### Le Frank agus Eileen Sweeney

- Áit:** Leabharlann Phobail Béal Átha Seanaidh
- Am:** 10.00am, 6 Márta
- Fá Choinne:** Páistí scoile 7+
- Táille:** Saor in aisce
- Teagmháil:** 0719858824



## Damhsa ar an Sean Nós i mBun Dobhráin

### Le Frank agus Eileen Sweeney

- Áit:** Leabharlann Phobail Bhun Dobhráin  
**Am:** 11.30am, 6 Márta  
**Fá Choinne:** Páistí scoile 7+  
**Táille:** Saor in aisce  
**Teagmháil:** 0719829665



## Lúcháir Leabhar i Halla na Cathrach, Doire

- Áit:** Halla na Cathrach, Doire  
**Am:** 9:30 am – 11:00 am, 6 Márta  
**Teagmháil:** gaeilge@derrystabane.com

## Scéalaíocht le Breege Ward

Finscéal Feardhobhain agus an dóigh a bhfuair Loch Finne a ainm

- Áit:** Leabharlann Phobail Bhéal Átha Seanaidh  
**Am:** 10am, 6 Márta  
**Fá Choinne:** Páistí Scoile 4-6 bliain d'aois  
**Táille:** Saor in aisce  
**Teagmháil:** 071 9858824






## Céilí Idir scoile ar an Tearmann

### Scoil an tSraitha Mhóir, Scoil Cholm Cille agus Scoil Náisiúnta an Ghlasáin

**Áit:** An Craoibhín, An Tearmann  
**Am:** 6 Márta  
**Fá Choinne:** Daltaí scoile  
**Táille:** Saor in aisce  
**Teagmháil:** á reáchtáil i gcomhpháirt le LPT Thuaisceart  
Dhún na nGall  
oisinmaceo@hotmail.com  
nó 0830777053



## Rannta agus Dánta sna Dúnaibh

Seisiún spraoi trí Ghaeilge le Grúpa Tuistí agus Tachráin

**Áit:** Áras Ros Goill, Na Dúnaibh  
**Am:** 6 Márta  
**Fá Choinne:** Tuismitheoirí agus páistí beaga  
**Teagmháil:** á reáchtáil i gcomhpháirt le LPT Thuaisceart  
Dhún na nGall  
oisinmaceo@hotmail.com nó 0830777053





SIÚLÓID THREORAITHE

le Caoimhín Mac a Bhaird

Tús: Áras Ros Goill  
Fad: 2 uair a chloig  
Fóirsteanach do chách

Dé Sathairn  
7/3/20 @11am



# Dé Sathairn 7 Márta



## Maidin Chaife i gCarn Domhnach

### Le Glór Inis Eoghain agus Cumann Lúthchleas Gael Charn Domhnaigh

Buail isteach chugainn agus bíodh rud beag craic agus comhrá agat i nGaeilge.

- Áit:** Halla Colgan, Carn Domhnach  
**Am:** 10am go dtí 12pm, 7 Márta  
**Fá Choinne:** don phobal uilig  
**Táille:** saor in aisce  
**Teagmháil:** Stephen Doherty gloriniseoghain@gmail.com  
0860763903



## Siúldóid Threoraithe trí Ghaeilge i Ros Goill

- Áit:** Áras Ros Goill, Na Dúnaibh  
**Am:** 11am, 7 Márta  
**Fá Choinne:** an pobal ar fad  
**Teagmháil:** á reáchtáil i gcomhpháirt le LPT Thuaisceart  
Dhún na nGall  
oisinmaceo@hotmail.com nó 0830777053



## Maidin Chaife i dTeach Solais Fhánada

- Áit:** Teach Solais Fhánada  
**Am:** 11am, 7 Márta  
**Fá Choinne:** an pobal ar fad  
**Teagmháil:** á reáchtáil i gcomhpháirt le LPT Thuaisceart  
Dhún na nGall  
oisinmaceo@hotmail.com nó 0830777053



Teach Solais Fhánada  
Fanad Lighthouse

## Babhláil le Gaeilge i Leitir Ceanainn ag Bail Cara House

Tá an ghníomhaíocht seo urraithe ag  
SnaG le Energia agus tá sé foscailte  
d'fhoghlaimoírí Cara House amháin.



**CARA**  
—HOUSE—  
FAMILY RESOURCE CENTRE

- Áit:** Arena 7, Leitir Ceanainn  
**Am:** 7.30pm, 7 Márta  
**Fá Choinne:** Foghlaimoírí Cara House amháin  
**Teagmháil:** Cara House, Leitir Ceanainn 074 912 39 86

## Comórtas Aithriseoireachta do Pháistí i Rann na Feirste

### Mar chuid de Dheireadh Seachtaine Gaeilge Rann na Feirste

- Áit:** Áislann Rann na Feirste  
**Am:** 11am go dtí 4pm, 7 Márta  
**Fá Choinne:** An t-aos óg  
**Táille:** Saor in aisce  
**Teagmháil:** Gach eolas ó  
cluboigerannnafeirste123@gmail.com



# Comórtas Abair Leat do Dhaoine Fásta agus Oíche Airneáil i Rann na Feirste



## Mar chuid de Dheireadh Seachtaine Gaeilge Rann na Feirste

- Áit:** Áislann Rann na Feirste  
**Am:** 8pm, 7 Márta  
**Fá Choinne:** An pobal uilig. Daoine fásta.  
**Teagmháil:** Gach eolas ó  
cluboigerannnafeirste123@gmail.com

## Dé Domhnaigh 8 Márta



## Seisiún Ceoil Teaghlaigh i Leitir Ceanainn

### Le Coiste Gaeilge agus Cultúir Ghaeil Leitir Ceanainn, urraithe ag Líonra Leitir Ceanainn

Tugaigí libh bhur gcuid uirlisí!

- Áit:** Óstán an Silver Tassie, Leitir Ceanainn  
**Am:** 3pm – 5pm, 8 Márta  
**Fá Choinne:** Ceoltóirí óga agus a  
dtuismitheoirí agus  
ceoltóir ar bith eile.  
**Táille:** saor in aisce.  
**Teagmháil:** lionralc@gmail.com



## Aifreann na Féile i Rann na Feirste



### Mar chuid de Dheireadh Seachtaine Gaeilge Rann na Feirste

- Áit:** Teach Pobail Réalt na Mara  
**Am:** 11am, 8 Márta  
**Fá Choinne:** An pobal uilig.  
**Teagmháil:** Gach eolas ó  
cluboigerannnafeirste123@gmail.com

## Dé Luain 9 Márta



### Ciorcal Comhrá i Srath an Urláir

#### Le Ciorcal Comhrá Bhealach Féich

- Áit:** Seomra Tae an Hatter, Srath an Urláir  
**Am:** 7pm, 9 Márta  
**Fá Choinne:** An pobal  
**Táille:** saor in aisce  
**Teagmháil:** Shauna Scanlon shaunascanlon@hotmail.com



## Ciorcal Comhrá i gCaifé Chillout i Leitir Ceanainn

Bíonn Ciorcal Comhrá ar siúl i gCaifé Chillout i Leitir Ceanainn gach maidin Dé Luain. Fáilte roimh gach cumas Gaeilge, ón fhoghlaimeoir go dtí an cainteoir líofa.



**CARA**  
—HOUSE—  
FAMILY RESOURCE CENTRE

- Áit:** Caifé Chillout,  
Leitir Ceanainn
- Am:** 10.30am go dtí 12pm, 9 Márta
- Fá Choinne:** do dhaoine fásta, idir fhoghlaimeoirí agus cainteoirí líofa Gaeilge.
- Teagmháil:** Cara House, Leitir Ceanainn 074 912 39 86

## Ceardlann Amhránaíochta le Bridin Carr

- Áit:** Leabharlann Phobail  
na Rosann
- Am:** 10am, 9 Márta
- Fá Choinne:** Páistí scoile 7+
- Táille:** Saor in aisce
- Teagmháil:** 0749522500



## Ceardlann Amhránaíochta le Bridín Carr

- Áit:** Taobh Tíre Árainn Mhór
- Am:** 12pm, 9 Márta
- Fá Choinne:** Páistí scoile 7+
- Táille:** Saor in aisce
- Teagmháil:** 074952002





MÍLE  FÁILTE

# An Chraic!

The latest Irish  
Language App

- ✔ 800 phrases ( text and voice)
- ✔ 70 themes
- ✔ 16 topics for GCSE / Jun. Cert
- ✔ Easy to follow audio

[mile.failte15@icloud.com](mailto:mile.failte15@icloud.com)

# Dé Máirt 10 Márta



## Ceardlann Amhránaíochta le Bri Carr

- Áit:** Leabharlann Phobail Ghaoth Dobhair  
**Am:** 10am, 10 Márta  
**Fá Choinne:** Páistí scoile 7+  
**Táille:** Saor in aisce  
**Teagmháil:** 0749560862



## Ceardlann Amhránaíochta le Bri Carr

- Áit:** TT Baile na Finne  
